



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
CAMPOS SÁNCHEZ-BORDONA
arna tabhairt an 27 Aibreán 2023¹

Cás C-807/21

Deutsche Wohnen

v

Staatsanwaltschaft Berlin

[iarraidh ar réamhrialú ó Kammergericht Berlin (Cúirt Uachtarach Shibhialta agus Choiriúil Bheirlín, an Ghearmáin)]

(Tarchur chun réamhrialú — Cosaint sonraí pearsanta — Rialachán (AE) 2016/679 — Sáruithe — Dliteanas cuideachta maidir le sárú arna dhéanamh ag a cuid fostaithe — Féidearthacht dliteanas gan locht — Trasúí coincheapa arna bhforbairt faoi dhlí na hiomaíochta)

1. Tugtar an deis don Chúirt Bhreithiúnais, leis an iarraidh ar réamhrialú seo, rialú a dhéanamh maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar fíneáil riaracháin a fhorchur ar dhuine dlítheanach de bhun sáruithe ar Rialachán (AE) 2016/679.²

2. Is gá an méid seo a leanas a chinneadh go háirithe:

- An bhféadfaí pionós a ghearradh ar dhuine dlítheanach gan dliteanas duine nádúrtha a shuíomh ar dtús?
- An gcaithfidh an sárú a ngearrfaí pionós dá dheasca a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí i gcás ar bith, nó an leor an sárú oibiachtúil ar oibleagáid amháin?

I. Creat rialála:

A. Dlí an Aontais RGCS

3. Luaitear an méid seo a leanas in aithris 74:

“Ba cheart freagracht agus dliteanas an rialaitheora a shuíomh maidir le haon phróiseáil a dhéanann an rialaitheoir ar shonraí pearsanta nó a dhéantar thar ceann an rialaitheora. Go háirithe, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir bearta iomchuí éifeachtacha a chur

¹ Bunteanga: an Spáinnis.

² Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, Ich. 1). “RGCS”.

chun feidhme agus a bheith in ann a thaispeáint go gcomhlíontar an Rialachán seo leis na gníomhaíochtaí próiseála, agus éifeachtacht na mbearta a léiriú freisin. Leis na bearta sin, ba cheart cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála a chur san áireamh agus an riosca atá ann i leith chearta agus shaoirsí na ndaoine nádúrtha a chur san áireamh freisin.

4. Mar a leanas an léamh atá ar aithris 150:

“Chun pionóis riaracháin a neartú agus a chomhchuíbhíú le haghaidh sáruihte ar an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a bheith ag gach údarás maoirseachta fíneálacha riaracháin a ghearradh. Ba cheart a léiriú sa Rialachán seo sáruihte agus an uasteorainn agus na critéir chun na fíneálacha riaracháin a bhaineann leo a shocrú, ar cheart don údarás maoirseachta inniúil iad a chinneadh i ngach cás aonair, agus na himthosca ábhartha uile den staid shonrach á gcur san áireamh, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar chineál, ar thromaíocht agus ar fhad an tsáraithe agus ar a iarmhairtí agus ar na bearta a dhéantar chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus chun iarmhairtí an tsáraithe a chosc nó a mhaolú. I gcás ina ngearrtar fíneálacha riaracháin ar ghnóthas, ba cheart gnóthas a thuiscint mar ghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 101 agus le hAirteagal 102 CFAE chun na gcríoch sin. [...] Féadfar an sásra comhsheasmhachta a úsáid freisin chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach fíneálacha riaracháin a chur chun cinn [...]”.

5. Bunaítear an méid seo a leanas le hAirteagal 4 (“Sainmhínithe”):

“Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(7) ciallaíonn “rialaitheoir” an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí na mBallstát, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

(8) ciallaíonn “próiseálaí” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;

[...]

(18) ciallaíonn “fiontar” duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma faoi fhoirm dhlíthiúil na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí nó comhlachais a bhíonn ag gabháil go rialta do ghníomhaíocht eacnamaíoch;

[...]».

6. Déantar foráil in Airteagal 58(2) (“Cumhachtaí”) maidir leis an méid seo a leanas:

“Beidh na cumhachtaí ceartaitheacha uile seo a leanas ag gach údarás maoirseachta:

- (a) fógraí rabhaidh a thabhairt do rialaitheoir nó do phróiseálaí ina gcuirtear in iúl gur dóchúil go sárófar forálacha an Rialacháin seo leis na hoibríochtaí próiseála a bheartaítear;
- (b) iomarduithe a eisiúint do rialaitheoir nó do phróiseálaí i gcás ina bhfuil oibríochtaí próiseála tar éis forálacha an Rialacháin seo a shárú;
- (c) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí iarrataí an ábhair sonraí a chomhlíonadh maidir lena chearta a fheidhmiú de bhun an Rialacháin seo;
- (d) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus, nuair is iomchuí, ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;

[...]

- (i) fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Airteagal 83, de bhreis ar na bearta dá dtagraítear sa mhír seo nó ina n-ionad, ag brath ar dhálaí gach cáis faoi leith;

[...]”.

7. Tá an léamh seo a leanas ar Airteagal 83 (“coinníollacha ginearálta maidir le fíneálacha riaracháin a fhorchur”):

“1. Áiritheoidh gach údarás maoirseachta, maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh de bhun an Airteagail seo i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo dá dtagraítear i mír 4, i mír 5 agus i mír 6 go mbeidh an gearradh sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás aonair.

“2. Gearrfar fíneálacha riaracháin, ag brath ar dhálaí gach cáis aonair, de bhreis ar bhearta dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (h) agus i bpointe (j) d’Airteagal 58(2) nó ina n-ionad. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

- (a) cineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe agus cineál, raon feidhme nó cuspóir na próiseála lena mbaineann á gcur san áireamh chomh maith le líon na n-ábhar sonraí do shonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh;
- (b) cineál an tsáraithe a bheith déanta d’aon ghnó nó le failí;
- (c) aon ghníomhaíocht a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an damáiste a bhain do na hábhair sonraí a mhaolú;
- (d) méid na freagrachta atá ar an rialaitheoir nó ar an bpróiseálaí agus bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir siad chun feidhme de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 32 á gcur san áireamh;

- (e) aon sáruihte ábhartha a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí roimhe seo;
- (f) a mhéid comhair a bhí ann leis an údarás maoirseachta, chun an sárú a leigheas agus chun éifeachtaí díobhálacha féideartha an tsáraithe a mhaolú;
- (g) na catagóirí de shonraí pearsanta a ndearna an sárú difear dóibh;
- (h) an bealach ina bhfuair an t-údarás maoirseachta eolas faoin sárú, go háirithe cibé ar chuir an rialaitheoir nó an próiseálaí an sárú in iúl, agus má rinne, a mhéid a cuireadh in iúl é;
- (i) i gcás inar ordaíodh bearta dá dtagraítear in Airteagal 58(2) i gcoinne an rialaitheora nó an phróiseálaí lena mbaineann maidir leis an ábhar céanna roimhe sin, ar comhlíonadh na bearta sin;
- (j) a mhéid a gcloítear le cóid iompair formheasta de bhun Airteagal 40 nó sásraí deimhniúcháin formheasta de bhun Airteagal 42; agus
- (k) aon imthosca ghéaraitheacha nó mhaolaitheacha eile is infheidhme i leith dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó cailteanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.

“3. Más rud é go sáraíonn rialaitheoir nó próiseálaí, d’aon ghnó nó le faillí, maidir leis na hoibríochtaí céanna próiseála, nó maidir le hoibríochtaí nasctha, roinnt forálacha den Rialachán seo, ní rachaidh méid iomlán na fineála riaracháin thar an méid a shonraítear i leith an tsáraithe is tromchúisí.

4. Beidh sáruihte ar na forálacha seo a leanas, de réir mhír 2a, faoi réir fineálacha riaracháin suas le 10 000 000 EUR, nó i gcás fiontair, suas le 2 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde: [...].

5. Beidh sáruihte ar na forálacha seo a leanas, de réir mhír 2a, faoi réir fineálacha riaracháin suas le 20 000 000 EUR, nó i gcás fiontair, suas le 4 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde:

[...]

6. Beidh neamhchomhlíonadh ordaithe ag an údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 58(2), i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, faoi réir fineálacha riaracháin suas le 20 000 000 EUR, nó i gcás fiontair, suas le 4 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde:

[...]

8. Beidh feidhmiú a chumhachtaí ag an údarás maoirseachta faoin Airteagal seo faoi réir coimircí nós imeachta iomchuí i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlí Ballstáit, lena n-áirítear leigheas breithiúnach éifeachtach agus próis chúí.

[...]”.

B. An dlí náisiúnta. Ordnungswidrigkeitengesetz (Dlí maidir le cionta riaracháin)³

8. Faoi Airteagal 9(1), i gcás ina ngníomhaíonn duine ina cháil mar (a) orgán (nó mar chomhalta den orgán sin) atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine dlítheanach, (b) comhpháirtí atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar chomhpháirtíocht a bhfuil inniúlacht dhlíthiúil aici nó (c) ionadaí dlíthiúil tríú páirtí, beidh feidhm ag aon dlí faoina dtugann feidhmeanna, caidrimh nó imthosca pearsanta ar leith údar le pionós féideartha nuair a thagann imthosca den sórt sin chun cinn ní i gcás an duine sin, ach i gcás an duine a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.

9. De bhua Airteagal 9(2), tá feidhm aige sin freisin i gcás úinéir bunaíochta (fiontar) a chuireann de chúram ar dhuine eile, go hiomlán nó go páirteach, an bhunaíocht sin a bhainistiú nó feidhmeanna an úinéara a chomhlíonadh faoina fhreagracht féin.

10. Le hAirteagal 30(1), ceadaítear fineáil riaracháin a fhorchur ar dhuine dlítheanach i gcás ina bhfuil cion coiriúil déanta ag an duine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar a bhainistiú, a stiúran é nó atá freagrach as nó i gcás inar mhainnigh sé na hoibleagáidí atá ar an duine dlítheanach a chomhlíonadh.

11. De bhun Airteagal 30(4), chun fineáil uathrialach a ghearradh ar dhuine dlítheanach ceanglaítear nach bhfuil aon imeacht tionscanta i gcoinne chomhalta an chomhlachta nó ionadaí an duine dhlítheanaigh nó, más rud é gur tionscnaíodh imeachtaí den sórt sin, gur cuireadh deireadh leo.

12. Faoi Airteagal 130(1), i gcás aon duine a mhainníonn, mar úinéir gabháltais nó gnóthais, na bearta maoirseachta is gá a dhéanamh, d'aon ghnó nó le faillí, chun cosc a chur ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhfuil an sealbhóir faoina réir agus a bhfuil sárú inphionóis le pionós nó le fineáil, laistigh den ghabháltas nó den ghnóthas, beidh cion riaracháin déanta aige más rud é go bhféadfadh sé gur coisceadh an neamhchomhlíonadh sin nó gur deacra é a dhéanamh de bharr bearta maoirseachta iomchuí, lena n-áirítear na daoine atá freagrach as na seiceálacha a cheapadh, a roghnú go cúramach agus a rialú go cúramach.

II. Na fíorais, an dlíthíocht agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13. Is cuideachta eastáit réadaigh liostaithe í Deutsche Wohnen SE (“Deutsche Wohnen”) a bhfuil a hoifig chláraithe i mBeirlín (an Ghearmáin). Tá scairshealbha indíreacha i dtuairim is 163 000 teaghais agus 3 000 áitreabh tráchtála faoi úinéireacht aici.

14. Is fochuideachtaí iad úinéirí na bhfoirgneamh sin atá nasctha le Deutsche Wohnen (“cuideachtaí sealbhaíochta”) a dhéanann an gnó oibríochtúil, agus glacann Deutsche Wohnen le bainistíocht lárnach an ghrúpa. Ligeann na cuideachtaí sealbhaíochta na teaghais agus na háitribh tráchtála atá á mbainistiú ag grúpchuideachtaí eile ar cíós, cuideachtaí dá ngairtear cuideachtaí seirbhíse.

15. Le linn a ngníomhaíochta tráchtála, próiseálann Deutsche Wohnen agus na cuideachtaí grúpa sonraí pearsanta thionóntaí na bhfoirgneamh. Áirítear sna sonraí sin, go háirithe, cruthúnas céannachta, sonraí cánach, sonraí maidir le slándáil shóisialta agus árachas sláinte, chomh maith le sonraí a bhaineann le hiarléasanna.

³ Dlí an 24 Bealtaine 1968 (BGBl. I 481; III 454-1), i leagan an 19 Feabhra 1987 (BGBl. I, Ich. 602), arna leasú le Dlí an 19 Meitheamh 2020 (BGBl. I, Ich. 1328). “OWiG”.

16. An 23 Meitheamh 2017, chuir an Beauftragte für den Datenschutz (údarás inniúil i mBeirlín um chosaint sonraí; “an t-údarás um chosaint sonraí”), le linn cigireachta *in situ*, in iúl do Deutsche Wohnen go ndearna na cuideachtaí ina ghrúpa sonraí pearsanta tionóntaí a stóráil i gcóras cartlainne leictreonaí nárbh fhéidir a chinneadh uaidh an raibh gá leis an stóráil agus an raibh ráthaíochtaí ann go scriosfaí sonraí nach raibh riachtanach a thuilleadh.

17. D’iarr an t-údarás um chosaint sonraí ar Deutsche Wohnen doiciméid áirithe a scriosadh ón gcóras cartlainne leictreonaí faoi dheireadh 2017 ar a dhéanaí.

18. Dhiúltaigh Deutsche Wohnen don iarratas ar an bhforas nach raibh an scriosadh sin indéanta ar chúiseanna teicniúla agus dlíthiúla. Pléadh an agóid sin ag cruinniú idir Deutsche Wohnen agus an t-údarás um chosaint sonraí, inar léirigh an t-údarás sin go raibh réitigh theicniúla ann chun na sonraí a scriosadh. Lean an plé ar aghaidh agus d’fhógair Deutsche Wohnen go raibh sé i gceist aige córas nua a chur i bhfeidhm chun teacht in ionad an chórais ar dhiúltaigh an t-údarás um chosaint sonraí dó.

19. An 5 Márta 2020, rinne an t-údarás um chosaint sonraí cigireacht ag lároifig an ghrúpa, áit ar bailíodh 16 thástáil randamacha ó na bunachair sonraí ar an iomlán. Ag an am céanna, chuir Deutsche Wohnen in iúl don údarás gur díghníomhachtaíodh an córas cartlainne a bhí faoi chaibidil cheana féin agus go ndéanfaí na sonraí a aistriú chuig an gcóras nua láithreach.

20. An 30 Deireadh Fómhair 2020, ghearr an t-údarás um chosaint sonraí pionós ar Deutsche Wohnen mar gheall ar na nithe seo a leanas:

— Na bearta ba ghá chun gurbh fhéidir sonraí tionóntaí nárbh gá a stóráil a thuilleadh nó sonraí a bhí stóráilte go míchuí ar bhealach eile a scriosadh go rialta a fhágáil ar lár d’aon ghnó, idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 5 Márta 2019.

— Sonraí pearsanta de 15 léasaí ar a laghad a bhí sonraithe ansin a stóráil, in ainneoin a bheith ar an eolas nach raibh gá leis na sonraí sin nó nach raibh gá a thuilleadh leo.

21. B’ionann na fineálacha a gearradh agus EUR 14 385 000 as sárú d’aon ghnó ar Airteagal 25(1) agus 5(1)(a), (c) agus (e) de RGCS agus méideanna idir EUR 3 000 agus EUR 17 000 as na cúig shárú déag ar Airteagal 6(1) RGCS.

22. Rinne Deutsche Wohnen achomharc i gcoinne na bpionós chuig Landgericht Berlin (an Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin), a sheas leis an achomharc.

23. Rinne Staatsanwaltschaft Berlin (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, Beirlín, an Ghearmáin) agóid i gcoinne an chinnidh ag an gcéad chéim os comhair Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin), a chuir na ceisteanna seo a leanas faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

“1) An bhfuil Airteagal 83(4) go (6) de [RGCS] le léiriú ar chaoi go n-ionchorpraítear sa dlí náisiúnta coincheap feidhmiúil an ghnóthais dá dtagraítear in Airteagail 101 agus 102 CFAE agus prionsabal dhliteanas an ghnóthais mar aonad eacnamaíoch feidhmiúil (Funktionsträgerprinzip) leo, leis an toradh air sin, trí leathnú a dhéanamh ar phrionsabal dhliteanas an ghnóthais mar eintiteas dlíthiúil (Rechtsträgerprinzip) ar a bhfuil Airteagal 30 de [OWiG] bunaithe, gur féidir anois nós imeachta riaracháin a sheoladh chun fineáil a fhorchur go díreach ar ghnóthas, agus nach gceanglaítear le forchur na fineála go ndearbhófaí sárú

riaracháin a bheith ann arna dhéanamh ag duine nádúrtha áirithe agus iomlán na n-eilimintí oibiachtúla agus suibiachtúla a bhaineann le cion dá leithéid á chomhlíonadh aige, mar is iomchuí?

- 2) Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist: An bhfuil Airteagal 83(4) go (6) de [RGCS] le léiriú ar chaoi gurb é is brí leo ná go gcaithfidh gur ghníomhaigh an gnóthas d'aon ghnó nó le faillí i sárú a rinne a fhostaí [féach Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003^[4] (...)], nó an leor é, i bprionsabal, go mbeadh an gnóthas faoi dhliteanas i leith sárú oibiachtúil ar oibleagáid (*strict liability*) ionas go ngearrfaí pionós air?"

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

24. Taisceadh an iarraidh ar réamhrialú leis an gCúirt Bhreithiúnais an 23 Nollaig 2021.

25. Chuir Deutsche Wohnen, Rialtas na Gearmáine, Rialtas na hEastóine agus Rialtas na hIorua agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

26. An 9 Samhain 2022, d'iarr an Chúirt ar an gcúirt a rinne an tarchur an méid seo a leanas a shoiléiriú de bhun Airteagal 101(1) de na Rialacha Nós Imeachta:

— An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Airteagal 130 den OWiG ar an gcéad cheist a cuireadh.

— Na cúiseanna a measann sí go bhfuil gá le freagra ar an dara ceist, ós rud é, de réir an ordú tarchuir, gur forchuireadh na pionóis mar gheall ar shárú d'aon ghnó ar roinnt forálacha de RGCS.

27. Cláraíodh na soiléirithe lena mbaineann sa Chúirt Bhreithiúnais an 11 Eanáir 2023.

28. Sa bhreis orthu siúd a thíolaic barúlacha i scríbhinn, bhí Rialtas na hÍsiltíre, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh i láthair ag éisteacht an 17 Eanáir 2023.

IV. Anailís

A. An chéad cheist a tarchuireadh

1. Réamhbharúlacha

29. Is é an chéad cheist a tharraingíonn an chúirt a rinne an tarchur anuas ná go bunúsach, an féidir, faoi dhlí an Aontais, pionós a ghearradh ar dhuine dlítheanach mar gheall ar shárú RGCS gan é a bheith riachtanach an sárú sin a chur i leith duine nádúrtha roimh ré.

⁴ Rialachán (CE) Uimh 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO 2003 L 1, lch. 1).

30. Mar sin féin, tá roinnt gnéithe castachta tugtha isteach ina ceist ag an gcúirt a rinne an tarchur:

- Shainaithin sí inti, in Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, an rialail a bhféadfadh a léiriú freagra a thabhairt ar a ceist.
- Tagraíonn sí don mhéid a ndéanann sí cur síos air mar “c[h]oincheap feidhmiúil an ghnóthais de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE agus [...] prionsabal dhliteanas an ghnóthais mar aonad eacnamaíoch feidhmiúil”.

31. Dearbhaíonn an chúirt a rinne an tarchur nach gceadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta fíneáil a ghearradh ar ghnóthas ach amháin i gcás inar féidir é a chur faoi dhliteanas i leith sárúithe áirithe arna ndéanamh ag a stiúrthóirí a bhfuil feidhmeanna ionadaíocha sannta orthu (agus arna ndéanamh acu amháin).⁵

32. Ní aontaíonn Deutsche Wohnen agus Rialtas na Gearmáine leis an bhfoclaíocht sin. Ina dtuairim, ní mór Airteagal 30 den OWiG a léiriú i gcomhar le hAirteagal 9 agus 130 OWiG, lena ndéantar córas comhleanúnach pionóis astu. Faoin gcóras sin, féadfar pionós riaracháin a ghearradh ar ghnóthas gan é a bheith riachtanach imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine nádúrtha a ghníomhaigh thar a cheann.⁶

33. Arna iarraidh ag an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a thabhairt ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag Airteagal 130 de OWiG, d’fhreagair an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil sé ábhartha don chéad cheist a tarchuireadh chun réamhrialú a fháil. Áitíonn sí, mar thaca lena seasamh, an méid seo a leanas:

- Cé go gceadaítear leis an Airteagal sin, i gcomhar le hAirteagail 9 agus 30 de OWiG, fíneálacha a fhorchur ar ghnóthas, tá an chosaint ar leasanna dlíthiúla a thugtar leis an gcéad cheann de na forálacha sin an-teoranta i gcomparáid leis an gcóras dliteanais a eascraíonn as Airteagail 101 CFAE agus 102 CFAE.
- Is é seolaí Airteagal 130 de OWiG úinéir gnóthais nár chomhlíon oibleagáid mhaoirseachta. Téann an cruthúnas ar shárú oibleagáidí atá inchurtha i leith úinéir an ghnóthais thar an gcinneadh go ndearnadh sárú ar na leasanna dlíthiúla arna ndéanamh ag an ngnóthas céanna sin. Éilítear leis an gcruthúnas sin imscrúdú agus soiléiriú a dhéanamh ar struchtúir agus nósanna imeachta inmheánacha (ginearálta agus aonair), rud atá thar a bheith casta ní hamháin sa chás seo, ach i gcás grúpaí ar bith, agus a bheidh dodhéanta i mórán cásanna mar sin. I ndáil leis sin, tá díospóid ann maidir leis an gceist arbh fhéidir na grúpaí a aicmiú mar ghnóthais nó úinéirí gnóthas de réir bhrí Airteagal 130 de OWiG.

34. Léiríonn na soiléirithe sin go bhfuil an chéad cheann de na ceisteanna a tharchuireann an chúirt *a quo* le haghaidh réamhrialú bunaithe ar thuiscint ar an dlí náisiúnta a chuimsíonn, i gcontrárthacht leis an tuairim a ghlac Rialtas na Gearmáine, córas dliteanais do dhaoine dlítheanacha a bhféadfadh a dtréithe a bheith, ar deireadh, ar neamhréir le dlí an Aontais.

⁵ Foras II(1) den ordú tarchuir. Féach pointe 41 *et seq.* den Tuairim seo.

⁶ Mír 45 de bharúlacha Deutsche Wohnen agus míreanna 24 agus 25 de bharúlacha Rialtas na Gearmáine.

35. Ní mór don Chúirt cloí leis an gcreat dlí náisiúnta mar atá tuairiscithe ag an gcúirt a rinne an tarchur,⁷ arb í an léiritheoir údaraithe dá dlí náisiúnta í. Ní mór na ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais arna dtarchur ag cúirt náisiúnta a chinneadh i bhfianaise an chomhthéacs fhíorasach agus reachtaigh arna shainiú faoina freagracht, agus ní hábhar don Chúirt Bhreithiúnais a gcruinneas a chinneadh.⁸

36. Ar an mbonn sin, rachaidh mé i mbun an scrúdaithe ar an gcéad cheist.

2. Daoine dlítheanacha ar a ndírítear an pionós in RGCS

37. Níl aon agóid faoi dhlí an Aontais maidir le Deutsche Wohnen a mheas mar údar an tsáraithe agus an té ar a bhfuil an pionós arna ghearradh dlite air. Tá an fhéidearthacht sin le fáil, *in abstracto*, in RGCS agus, go háirithe, baineadh úsáid aisti sa chás seo:

— *In abstracto*, mar a mhíneoidh mé thíos, ní hamháin go gcumhdaítear an fíoras go bhféadfar pionós a ghearradh go díreach ar dhuine dlítheanach as sárúithe ar chosaint sonraí le roinnt forálacha de RGCS, ach tá sé ar cheann de na príomhshásraí chun éifeachtacht an rialacháin sin a áirithiú.

— *In concreto*, de réir an ordaithe tarchuir, gearradh an fhíneáil atá faoi chonspóid ar Deutsche Wohnen as roinnt sárúithe ar RGCS a luaitear leis an gcuideachta sin, ina cháil mar rialaitheoir sonraí.⁹ Chuir an t-údarás cosanta sonraí an t-iarratas sin chuige, dár thug sé freagra sna téarmaí arna leagan amach cheana féin, agus ina dhiaidh sin, lean sé leis an iompar a ndearna an t-údarás sin gearán ina leith. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhadhb ann maidir leis an té ar a ngearraí an pionós a shainiú.¹⁰

38. Maidir leis an dearcadh *in abstracto*, níl gá leis an iomarca breithnithe chun tacú leis an áiteamh go bhféadfaí pionós a ghearradh go díreach ar dhuine dlítheanach mar údar sáraithe ar RGCS. Leantar leis an áiteamh sin gan deacracht ó léamh Airteagail 4, 58 agus 83 de RGCS:

— In Airteagal 4 sainmhínítear coincheapa an rialaitheora nó an phróiseálaí, agus tagairt shainráite á déanamh do dhaoine dlítheanacha.¹¹

⁷ In imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is ag an gcúirt náisiúnta amháin atá an dlínse na fíricí sa chás atá os a comhair a chinneadh agus a mheas agus an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm. Breithiúnas an 26 Aibreán 2017, Farkas (C-564/15, EU:C:2017:302).

⁸ Ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú ar cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ach amháin i gcás inar léir nach bhfuil aon bhaint ag léiriú dhlí an Aontais a iarrtar leis na fíorais iarbhir sna príomhimeachtaí ná lena cuspóir, i gcás ina bhfuil an fhadhb hipitéiseach, nó i gcás nach bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil os comhair na Cúirte is gá chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh faoina bráid [i gcoitinne, breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2017, Puškár (C-73/16, EU:C:2017:725, mír 50)]. Níl aon cheann de na cúinsí sin i láthair sa chás seo.

⁹ D’ainneoin drogall Deutsche Wohnen glacadh leis an stádas sin ag an éisteacht phoiblí, is amhlaidh fós go bhfuil a phróifíl ag teacht leis an sainmhíniú ar “rialaitheoir” a leagtar amach in Airteagal 4 den RGCS. Is amhlaidh atá, beag beann ar an *bhfreagracht* atá air i ndáiríre as na sárúithe a thugtar dó mar “rialaitheoir”.

¹⁰ Ar ábhar eile, chun méid an phionóis chomhfhreagraigh a chinneadh, caithfear, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú féideartha Deutsche Wohnen agus a fhochuideachtaí a chur san áireamh in aonad eacnamaíoch níos mó. D’ainneoin a chosúlachta, ní chruthaíonn an tarchur seo le haghaidh réamhrialú na seanfhadhbanna céanna i gceart, a bhaineann le dlítheanach a shannadh idir máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí nó grúpaí cuideachtaí.

¹¹ Sainmhínítear “rialaitheoir” in Airteagal 4(7) den RGCS, a mhéid is ábhartha anseo, mar “an duine [...] dlítheanach a chinneann, nó in éineacht le daoine eile, críocha agus modhanna na próiseála”; i bpointe 8, sainmhínítear “próiseálaí” mar “an duine [...] dlítheanach, [...] a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora”.

- Le hAirteagal 58(2), bronntar roinnt “cumhachtaí ceartaitheacha” ar údaráis mhaoirseachta maidir le rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí (i.e. maidir le daoine dlítheanacha freisin). Áirítear ar na cumhachtaí ceartaitheacha sin “fíneáil riaracháin” a fhorchur (pointe (i)).
- Agus na critéir chun méid na bhfíneálacha riaracháin a shocrú á liostú, tagraíonn Airteagal 83 de RGCS d’fhachtóirí a d’fhéadfadh, gan deacracht, teacht chun cinn in iompar daoine dlítheanacha.

39. Eascraíonn sé as na forálacha sin go léir, go nádúrtha, go bhforáiltear le RGCS gur féidir na fíneálacha riaracháin a eascraíonn as a shárú a dhíriú go díreach ar dhuine dlítheanach.¹² Tá an nádúrthacht chéanna glactha ag na húdaráis náisiúnta inniúla sa réimse seo, nach bhfuil aon drogall orthu pionós a ghearradh, i gcásanna áirithe, ar dhaoine dlítheanacha a sháraíonn RGCS.¹³

40. Maidir leis an dearcadh *in concreto*, áitím arís go ndeachaigh an t-údarás um chosaint sonraí i dteagmháil le Deutsche Wohnen ina cháil mar rialaitheoir sonraí, á ordú dó sonraí pearsanta áirithe a bhaineann le tionóntaí a bhaint dá chartlann, iarratas nár chomhlíon Deutsche Wohnen ar feadh tréimhse áirithe ama, go dtí gur athraigh sé a chórais stórála.

3. An bhfuil gá dliteanas a chur ar dhuine nádúrtha roimh ré?

41. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ceanglaítear leis an dlí náisiúnta, chun pionós a ghearradh go díreach ar ghnóthas mar gheall ar shárú RGCS, nach mór dliteanas duine nádúrtha a shuíomh ar dtús. Eascraíonn sé sin, dar léi, as Airteagal 30 den OWiG: ní féidir fíneáil a ghearradh ar ghnóthas ach amháin i gcás inar féidir sárúithe áirithe arna ndéanamh ag a bhainisteoirí a bhfuil feidhmeanna ionadaíocha acu a chur i leith an ghnóthais, agus chun na críche sin ní mór don ionadaí an fhoráil ábhartha a shárú, trí na gnéithe den sárú sin a chur i gcrích ar bhealach neamhdhleathach agus go ciontach.¹⁴

42. Mar fhreagairt ar agóid Rialtas na Gearmáine, a agraíonn Airteagal 130 de OWiG chun agóid a dhéanamh i gcoinne léiriú na cúirte a rinne an tarchur, glacann an chúirt a rinne an tarchur seasamh sna téarmaí atá léirithe agam cheana féin maidir lena freagra arna tras-scríobh chuig an gCúirt Bhreithiúnais.¹⁵ Go hachomair, foráiltear ann go bhfuil an chosaint ar leasanna dlíthiúla a thugtar leis an bhforáil sin an-teoranta, i gcomparáid leis an gcóras dliteanais a d’eascródh as Airteagail 101 agus 102 CFAE.

43. Maidir leis an riail maidir le réamhdhearbhú dliteanais ar thaobh an duine nádúrtha, ar a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag brath, ní bheadh feidhm aici, áfach, dá nglacfadh Airteagal 83(4) go (6) de RGCS “coincheap feidhmiúil an ghnóthais” is dílis d’Airteagail 101 agus 102 CFAE, trína hionchorprú sa dlí náisiúnta.

¹² Ina theannta sin, go nádúrtha, tá an ceart aige leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne cinneadh ó údarás maoirseachta atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaineann leis (Airteagal 78(1) RGCS) agus, dá bhrí sin, i gcoinne aon fhíneáil riaracháin a d’fhéadfaí a fhorchur air.

¹³ Mar shampla, ghearr Údarás na hÉireann um Chosaint Sonraí fíneálacha EUR 210 milliún ar Facebook agus EUR 180 milliún ar Instagram an 31 Nollaig 2022.

¹⁴ Foras II(1) den ordú tarchuir.

¹⁵ Féach mír 32 den Tuairim seo.

(a) *Éifeacht an choincheapa a úsáidtear in Airteagail 101 agus 102 CFAE*

44. Is é cuspóir Airteagal 83(4) go (6) den RGCS méid na bpionós a chomhfhreagraíonn do na sárúithe ar RGCS dá dtagraítear ann a ríomh. Go háirithe, déantar foráil sna trí mhír sin maidir leis an bhféidearthacht gur “gnóthas” é an duine ar a ngearrfar pionós.

45. Sa chomhthéacs sin, ní mór an tagairt in aithris 150 i mbrollach RGCS do choincheap an ghnóthais de réir bhrí Airteagail 101 CFAE agus 102 CFAE a thuiscint. Ba mhaith liom a mheabhrú, maidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, “go dtagraíonn dlí iomaíochta an Aontais do ghníomhaíochtaí na ngnóthas agus [...] go gcumhdaíonn coincheap an ghnóthais aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar stádas dlíthiúil an eintitis sin agus ar an gcaoi a maoinítear é”.¹⁶

46. A mhéid a shocraítear uasmhéid na bpionós as sárú RGCS, do na gnóthais atá ina rialaitheoirí nó ina bpróiseálaithe, ag céatadán de “láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin”, ní féidir an tagairt do shocrú an méid sin a thabhairt le pearsantacht dhlítheanach fhoirmiúil cuideachta, ach le pearsantacht dhlítheanach “aona[i]d eacnamaíoch”, de réir na brí arna leagan amach thuas.

47. Is é is cúis leis sin, faoi Airteagal 83(1) de RGCS, ná nach mór na fíneálacha riaracháin dá bhforáiltear i míreanna 4 go 6 de RGCS a bheith “éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach”. Is trí thréith iad sin nach féidir a thuar ach amháin i gcás fíneála, a gcinntear a méid ar bhonn acmhainn eacnamaíoch iarbhír nó ábhartha an duine ar a bhfuil sé dírithe. Dá bhrí sin, tá gá feidhmiú leis an gcoincheap ábhartha nó eacnamaíoch “fiontar”, seachas coincheap foirmiúil amháin a úsáid, chun an pionós a ríomh.

48. Glacann an reachtas Eorpach an sainmhíniú iarbhír nó substainteach ar “gnóthas”, ar saintréith de dhlí na hiomaíochta é,¹⁷ chun críche méid na bhfíneálacha as sárú RGCS a chinneadh. Mar sin féin, is chun na críche sin amháin a thagraíonn RGCS don choincheap sin.

49. Sa chás sin, d’fhéadfadh coincheap an ghnóthais dá dtagraítear in Airteagail 101 agus 102 CFAE a bheith ábhartha chun críche na fíneála a fhorchuirtear ar Deutsche Wohnen a chainníochtú. Beag beann ar an gceist an mbronntar stádas eintitis a bhfuil pionóis air (*rectius*, déantóir an tsáraithe), níl sé ag brath go docht ar chur i bhfeidhm an dá Airteagal sin de CFAE.

50. Ní chuireann sé sin bac ar chur i bhfeidhm, de réir analaí, na bprionsabal ginearálta lena rialaítear an córas pionós faoi dhlí na hiomaíochta (a léiríonn an Chúirt Bhreithiúnais go forleathan) a bhfuil feidhm acu, *mutatis mutandis*, maidir le dliteanas daoine dlítheanacha i leith sárúithe ar a sonraí pearsanta.¹⁸

(b) *Dliteanas díreach arna chur ar dhuine dlítheanach*

51. An bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear forchur fíneála riaracháin ar dhaoine dlítheanacha faoi réir réamhimeachtaí i gcoinne duine nádúrtha i gcomhoiriúint le RGCS?

¹⁶ Breithiúnas an 27 Aibreán 2017, Akzo Nobel agus páirtithe eile v an Coimisiún (C-516/15 P, EU:C:2017:314) mír 47.

¹⁷ I gcoitinne, Breithiúnas an 10 Aibreán 2014, Areva agus páirtithe eile v an Coimisiún (C-247 P agus C-253/11 P, EU:C:2014:257) mír 123.

¹⁸ Mar atá luaite cheana féin agam, tá na fadhbanna a bhaineann leis an gcaidreamh idir máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí chun críocha pionós fós lasmuigh de raon feidhme na n-imeachtaí réamhrialaithe seo. Níor ardaíodh aon cheist sa tarchur le haghaidh réamhrialú ach an oiread maidir leis an dualgas cruthúnais ar na fórais a ndearnadh gearán ina leith.

52. Tugtar le tuiscint le cineál RGCS, sa bhreis ar a chur i bhfeidhm ginearálta, go bhfuil sé ceangailteach agus go bhfuil sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 288 CFAE. Chuirfí amhras ar na gnéithe sin dá mbeadh na Ballstáit in ann imeacht ó chumraíocht chinntitheach na gceanglas a leag reachtóir an Aontais síos in RGCS.

53. Is fíor, go díreach mar gheall ar uathúlacht agus nádúr a ábhair, go gceadaítear le forálacha áirithe de RGCS do na Ballstáit lamháil solúbthachta áirithe a bheith acu chun rialacha náisiúnta a choinneáil nó a ghlacadh, chun roinnt díobh a shonrú tuilleadh. Is amhlaidh atá, mar shampla:

- Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil, chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.¹⁹
- Maidir le sonraí pearsanta speisialta a phróiseáil, ní eisiatar, le RGCS, na Ballstáit ó na dálaí le haghaidh cásanna sonracha próiseála a chinneadh, lena n-áirítear léiriúchán ar bhealach níos cruinne faoina ndlíthiúlacht.²⁰

54. I mo thuairimse, ní féidir an lánrogha sin, a ndearnadh díospóireacht uirthi ag an éisteacht, a leathnú go dtí pointe go ndéanfaí laghdú ar dhlítheanas duine dhlítheanaigh, a d'eascródh, dar leis an gCúirt a rinne an tarchur, as Airteagal 30 de OWiG.

55. Le cumraíocht den sórt sin den chóras dlítheanais do dhaoine dlítheanacha, d'fhéadfaí eisiáimh a dhéanamh ó raon feidhme chóras na bpionós ar shárúithe RGCS, ar sárúithe iad, de réir an rialacháin sin, nach mór a chur i leith duine dlítheanach i gcáil rialaitheora nó i gcáil próiseálaí. B'amhlaidh a bheadh i gcás nach raibh na daoine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar bhainistiú an duine dhlítheanaigh, a stiúrann nó a ghlacann seilbh ar an mbainistiú sin, rannpháirteach sna sárúithe sin.

56. Arís, a mhéid a d'fhéadfadh duine dlítheanach a bheith mar rialaitheoir sonraí agus, sa chái sin, mar dhéantóir na sárúithe ar RGCS a bhfuil sé freagrach astu, d'fhéadfadh cur i bhfeidhm Airteagal 30 de OWiG a bheith ina chúis le lagú nó laghdú gan údar ar raon feidhme an iompair atá faoi réir pionós, rud nach bhfuil comhsheasmhach le foráil ghinearálta RGCS féin.

57. Ní mór do dhuine dlítheanach ar féidir é a aicmiú mar rialaitheoir nó mar phróiseálaí sonraí pearsanta a bheith thíos leis na hiarmhairtí, i dtéarmaí pionóis, ar shárúithe ar RGCS, ní hamháin a dhéanann a ionadaithe, a stiúirthóirí nó a bhainisteoirí, ach freisin daoine nádúrtha (fostaithe, sa chiall leathan) a ghníomhaíonn i réimse a ghníomhaíochta gnó agus faoina maoirseacht.

58. Déanann na daoine nádúrtha sin, i ndáiríre, toil an duine dhlítheanaigh a mhúnlú agus a shainiú, rud a thagann chun cinn trí ghníomhartha sonracha cruinne. Gníomhartha áirithe atá, mar léiriú *in concreto* ar an rún sin, inchurtha i ndeireadh na dála i leith an duine dhlítheanach féin.

59. Go hachomair, is daoine nádúrtha iad seo, d'aineoinn nach ionadaithe ceart ar dhuine dlítheanach iad, a ghníomhaíonn faoi údarás na ndaoine sin a bhfuil easpa maoirseachta nó rialaithe ar an duine dlítheanach sin léirithe acu. I ndeireadh na dála, is ar an duine dlítheanach

¹⁹ Aithris 10 de RGPD.

²⁰ *Loc. ult. cit.*

féin a thagann an dliteanas, sa mhéid gur easnamh sa chóras rialaithe agus maoirseachta é sárú an fhostaí a ghníomhaíonn faoi údarás a chomhlachtaí bainistíochta, a bhfuil freagracht dhíreach acu as.

60. Freagraíonn an méid atá leagtha amach thuas do léamh na cúirte a rinne an tarchur ar a dlí náisiúnta. Áitíonn Rialtas na Gearmáine gurb ionann cur i bhfeidhm mhíreanna 9, 30 agus 130 de OWiG le chéile agus córas faoina bhféadfar pionóis a fhorchur i leith sáruithe a chuirtear i leith duine dlítheanach, arna ndéanamh ag daoine nádúrtha nach gcomhlíonann dualgais bhainistíochta nó ionadaíochta sa duine dlítheanach, gan é a bheith riachtanach na daoine nádúrtha sin a shainaithint.²¹

61. Mar a luaigh mé cheana féin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé forálacha a dlí náisiúnta a léiriú. Más rud é, i gcomhréir leis an gcásdlí náisiúnta agus leis an teoiric dlí ar a bhfuil Rialtas na Gearmáine ag brath,²² go gceadaítear leis na forálacha sin léiriú ar an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le ceanglais dhlí an Aontais, is faoi chomhlachtaí breithiúnacha Rialtas na Gearmáine atá sé iad a réiteach.

62. Sa chás go bhfuil léiriú den sórt sin *contra legem* agus go mbeadh sé dodhéanta dá réir sin, mar gheall ar struchtúr ar leith a córais náisiúnta pionós, d'fhonn rialacha RGCS a chur i bhfeidhm go hiomlán sa réimse seo, bheadh ar an gcúirt a rinne an tarchur cur i bhfeidhm na rialach náisiúnta nach bhfuil ag luí le dlí an Aontais a eisiamh, chun tosaíocht RGCS a áirithiú.

B. An dara ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

63. Ba mhian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach, de bhun Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, “an riachtanas é go gcaithfidh gur ghníomhaigh an gnóthas d’aon ghnó nó le faillí i sárú a rinne a fhostaí [...], nó an leor é, i bprionsabal, go mbeadh an gnóthas faoi dhliteanas i leith sárú oibiachtúil ar oibleagáid (*strict liability*) ionas go ngearrfaí pionós air?”²³

64. Tá an cheist a fhoirmítear dá bhrí sin hipitéiseach, rud a fhágann nach bhfuil sé inghlactha, ar dhá fhoras.

65. Ar an gcéad dul síos, de réir an ordaithe tarchuir, gearradh an pionós a forchuireadh ar Deutsche Wohnen air mar gheall ar iompar toiliúil (d’aon ghnó) agus ní mar gheall ar “shárú oibiachtúil” amháin ar RGCS. Léiríonn cuntas na bhfóras atá leagtha amach thuas gur theip ar an gcuideachta cloí le hiarraidh an údaráis um chosaint sonraí go feasach agus d’aon ghnó agus gur lean sí de bheith ag próiseáil na sonraí a ndearnadh gearán ina leith. Ní bhaineann sé le hábhar, chun an aicmithe sin, gur chruthaigh sé roinnt deacrachtaí teicniúla agus dlíthiúla maidir lena chórais próiseála sonraí a mhodhnú.

²¹ Mír 25 de na barúlacha i scribhinn ó Rialtas na Gearmáine. Mar fhreagra ar an tuairim sin, áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, sna téarmaí a leagtar amach thuas, go mbeadh cosaint leasanna dlíthiúla a thugtar leis an dlí náisiúnta an-teoranta, fiú i gcomhar le hAirteagal 9 agus 30 de OWiG, i gcomparáid leis an gcóras dliteanais a eascraíonn as Airteagal 101 agus 102 CFAE.

²² Mír 25 de bharúlacha Rialtas na Gearmáine, fonótaí 16 go 18.

²³ Sa ghnáthaistriúchán Béarla ar bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais, comhfhreagraíonn an téarma *strict liability* do na téarmaí *responsabilidad objetiva* (leagan Spáinnise); *responsabilité objective* (leagan Fraincise); *responsabilità oggettiva* (leagan Iodáilise); *responsabilidade objetiva* (leagan Portaingéilise); *objektiven Verantwortlichkeit* (leagan Gearmáinise) agus *objectieve aansprakelijkheid* (leagan Ollainnise).

66. Ar an dara dul síos, ar iarraidh don Chúirt Bhreithiúnais a ceist a shoiléiriú, dúirt an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil cúirt na céadchéime faoi cheangal ag na cinntí a rinneadh sa chinneadh pionóis agus go bhféadfaidh an chúirt sin, amach anseo, rialú a thabhairt ar fhorais achomhairc i gcoinne an phionóis. Má thángthas ar an gconclúid gur tharla an sárú, beidh sé riachtanach a chinneadh cén cineál lochta a tharla, rud a bheidh ag brath ar fhreagra an dara ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú.

67. Ar bhonn an tsoiléirithe sin, léirítear nádúr hipitéiseach an dara cheist: níl an breithiúnas maidir le haicmiú an iompair riachtanach chun an díospóid a réiteach os comhair na cúirte a rinne an tarchur ach, más gá, tar éis an cás a tharchur ar ais chuig an gcúirt céadchéime, chun go rialóidh sí amach anseo.

68. Pé scéal é, agus má chinneann an Chúirt an tsubstaint a bhreithniú, measaim nach bhfuil an freagra ar an gceist sin ag brath ar léiriú Airteagal 83(4) go (6) den RGCS, arb é is cuspóir dó fíneálacha riaracháin a chainníochtú.

69. Déanann an chúirt a rinne an tarchur idirdhealú idir: (a) sárú arna dhéanamh ag fostaí an duine dhlítheanaigh agus (b) toil nó faillí an duine dhlítheanaigh sa sárú sin.

70. I mo thuairimse, is é “sárú arna dhéanamh ag fostaí”, go deimhin, agus a mhéid a dúirt mé i ndáil leis an gcéad cheist, sárú arna dhéanamh ag an duine dlítheanach ar faoina údarás a ghníomhaigh an fostaí.

71. Dá bhrí sin, baineann an cheist leis an bhféidearthacht go ngearrfaí pionós ar dhuine dlítheanach as sárú oibiachtúil (gan locht) ar a oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí nó mar phróiseálaí.

72. Agus an cheist sin á freagairt, d’fhéadfadh sé a bheith úsáideach tagairt a dhéanamh do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) i ndáil le prionsabal na dlíthiúlachta sa dlí coiriúil, arna ráthú le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR).

73. Cé nach bhfuil ECHR ina ionstraim dlí atá ionchorpraithe go foirmiúil i ndlíchóras an Aontais, ós rud é nár aontaigh an tAontas Eorpach dó, is cuid de dhlí an Aontais iad na cearta bunúsacha a aithnítear sa choinbhinsiún sin mar phrionsabail ghinearálta (Airteagal 6(3) CAE).

74. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, “...le hAirteagal 52(3) den Chairt, lena bhforáiltear go bhféadfar an bhrí chéanna agus an raon feidhme céanna a thabhairt do na cearta atá ann a fhreagraíonn do na cearta a ráthaítear in ECHR agus atá leagtha síos in ECHR, tá sé beartaithe an comhleanúnachas is gá a áirithiú idir na cearta sin gan difear a dhéanamh d’uathriail dhlí an Aontais agus na Cúirte Breithiúnais”.²⁴

75. Mar sin féin, tá miondifríochtaí nach bhfuil go hiomlán comhionann i gcásdlí ECtHR maidir le hAirteagal 7 de ECHR a léiriú:

— Ar an gcéad dul síos, cé nach luaitear go sainráite san airteagal sin an nasc morálta idir gné ábhartha an tsáraithe agus an duine a rinne an sárú, is é an toradh a bhíonn ar loighic an phionóis agus ar choincheap na ciontachta ná go bhfuil gá leis, mar choinníoll den phionós,

²⁴ Breithiúnas an 2 Feabhra 2021, Consob (C-481/19, EU:C:2021:84), mír 36.

nasc intleachtúil (coinsias agus uacht) a fhágann gur féidir measúnú a dhéanamh ar ghné dliteanais in iompar dhéantóir ábhartha an tsáraithe.²⁵

- Thairis sin, mar a luaigh Rialtas na hIorua ag an éisteacht, níl an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ag teacht salach ar phionósú fíricí oibiachtúla. Ina breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 1988, *Salabiaku v. an Fhrainc*,²⁶ chinn sí nach amhlaidh atá ach “i bprionsabal agus faoi réir coinníollacha áirithe”, ós rud é, mura gcuireann ECHR cosc ar thiomhdí, “in ábhair choiriúla, tá sé d’oibleagáid ar na Stáit Chonarthaacha fanacht laistigh de theorainneacha áirithe”.²⁷

76. I ndáiríre, tá deacrachtaí móra léirithe ag baint le hallmhairiú na gcatagóirí dogmacha den dlí coiriúil (*nulla poena sine culpa*) chun críocha a gcur i bhfeidhm ar dhlí na bpionós riaracháin. D’fhéadfadh go n-áireofaí i gcoincheap an *culpa* (i bhfoirm faillí) cásanna ina mainnítear foráil dhlíthiúil a chomhlíonadh, ina bhfuil sé de dhualgas ar dhéantóir na coire a bheith ar an eolas faoi cad é an t-iompar a bhí de dhíth air.

77. Ón taobh sin de, d’fhéadfaí na foirmeacha éagsúla *culpa*, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le caighdeán níos ísle, chomh maith leis na foirmeacha éagsúla barúlacha (*culpa in vigilando* nó *in eligendo*, mar shampla) a bhunú ar iompar a dhéanadh cúirt, ó thaobh eile de, a aicmiú mar chásanna diandliteanais. Dá bhrí sin, níl na teorainneacha idir catagóirí amháin agus an ceann eile chomh láidir céanna sa dlí pionóis riaracháin mar is cosúil go leanann sé as an gcinneadh chun tarchur a dhéanamh.

78. Is fíor, maidir le dlí an Aontais, go bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais, i gcásanna áirithe, tar éis glacadh le córas lena n-aicmítear diandliteanas i réimse na bpionós. Rinne sí amhlaidh, mar shampla, i mbreithiúnas an 22 Márta 2017, *Euro-Team agus Spirál-Gép*, mar a leanas:

- “maidir le comhoiriúnacht le prionsabal na comhréireachta a bhaineann le diandliteanas a bhunú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cinneadh déanta cheana féin ag an gCúirt roinnt uaireanta nach bhfuil córas den sórt sin lena ngearrtar pionós ar shárú ar dhlí an Aontais ar neamhréir le dlí an Aontais ann féin”;
- “níl bunú córais diandliteanais díréireach leis an aidhm atá á saothrú má spreagann an córas sin na daoine lena mbaineann chun forálacha rialacháin a chomhlíonadh agus má tá na cuspóirí chun leas an phobail chun údar a thabhairt le córas den sórt sin a thabhairt isteach”.²⁸

79. Mar sin féin, bunaíodh an teoiric dlí seo in earnálacha seachas cosaint sonraí, i ndáil le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí gníomhú go dearfach agus gur le foirmiúlacht ab fhearr amhlaidh: forchuireadh na pionóis sin ar mhótarbhealach a úsáid gan an dola iomchuí a íoc,²⁹ nó ar shárú ar na forálacha a bhaineann le leathanach taifeadta ar threalamh taifeadta atá suiteáilte ar leoraí a úsáid.³⁰

²⁵ Breithiúnas ó ECtHR an 20 Eanáir 2009, *Sud Fondi agus páirtithe eile v an Iodáil* (CE:ECHR:2009:0120JUD007590901), § 116.

²⁶ CE:ECHR:1988:1007JUD001051983.

²⁷ Breithiúnas ó ECtHR an 7 Deireadh Fómhair 1988, *Salabiaku v. an Fhrainc*, § § 27 agus 28.

²⁸ Breithiúnas an 22 Márta 2017, *Euro-Team agus Spirál-Gép* (C-497/15 agus C-498/15, EU:C:2017:229), míreanna 53 agus 54, ina luaitear breithiúnas an 9 Feabhra 2012, *Urbán* (C-210/10, EU:C:2012:64), míreanna 47 agus 48 faoi seach.

²⁹ Breithiúnas an 22 Márta 2017, *Euro-Team agus Spirál-Gép* (C-497/15 agus C-498/15, EU:C:2017:229).

³⁰ Breithiúnas an 9 Feabhra 2012, *Urbán* (C-210/10, EU:C:2012:64).

80. I gcás na n-oibleagáidí atá leagtha síos ag RGCS — lena n-áirítear iad siúd a rialaíonn próiseáil sonraí (Airteagal 5 RGCS) agus a dhlíthiúlacht (Airteagal 6 RGCS)— is éard atá i gceist leis an measúnú ar an gceist ar comhlíonadh iad ná próiseas measúnaithe casta agus ionchúisimh, sa bhreis ar shárú foirmiúil amháin.

81. Ar aon chuma, measaim go dtacaíonn Airteagal 83 den RGCS le córas diandliteanais (gan locht) a eisiamh i ndáil le pionóis, is é sin le rá, intinn nó faillí a bheith ann san iompar a bhféadfaí pionós a ghearradh air. Leanann sé seo, i mo thuairimse, ó roinnt míreanna:

— De réir mhír 1, ní mór a áirithiú go bhfuil fíneálacha as sáruithe “comhréireach”. Ráthaítear prionsabal chomhréireacht na bpionós le hAirteagal 49 den Chairt agus, de réir analaí, le cásdlí ECtHR dá ndearna mé tagairt thuas.

— Tagraítear go sainráite i mír 2(b) do “c[h]ineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí” mar fhachtóir cinntitheach chun fíneáil riaracháin a fhorchur agus méid na fíneála sin.³¹ Leis na tosca eile a liostaítear i bpointí (a) go (k) den mhír sin, déantar idirdhealú idir imthosca ábhartha gach cáis agus tá comhpháirt shuibhachtúil i roinnt díobh,³² gan oibiachtúlacht an tsáraithe amháin a bheith san áireamh ar an liosta sin.

— Forordaítear le mír 3 gurb é an toradh a bheidh ar neamhchomhlíonadh comhuaineach “d’aon turas nó le faillí” ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí le roinnt forálacha de RGCS (sáruithe comhthráthacha) ná méid na fíneála nach mó ná an fhíneáil a leagtar síos do na sáruithe is tromchúisí. Glactar leis, dá bhrí sin, go bhfuil sáruithe de chineál oibiachtúil amháin neamhábhartha, chun críocha pionós, a mhéid nach ndéantar iad a chomhcheangal le sáruithe d’aon ghnó nó le sáruithe faillíoch.

82. D’fhéadfadh sé go mbeadh an tuairim atá leagtha amach agam míchuí dá mba rud é, mar a áitíonn cuid de na Rialtais a rinne idiragairt, go raibh an deis ag na Ballstáit córas dliteanais lochtbhunaithe (bunaithe ar ghníomh arna dhéanamh d’aon ghnó nó faillí) nó córas lena n-áirítear diandliteanas a roghnú mar gheall ar easpa forálacha *sainráite* maidir leis an bpointe seo in RGCS.

83. Aithním go dtacaíonn argóint éigin le seasamh na rialtas sin: a mhéid a thagraíonn Airteagal 83(2) de RGCS do ghníomh arna dhéanamh d’aon ghnó nó faillí mar fhachtóirí chun méid na fíneála a shocrú, seachas mar eilimintí (bunriachtanacha) dosheachanta an iompair neamhdhleathaigh féin, d’fhágfadh an fhoráil sin go bhféadfadh na Ballstáit na heilimintí riachtanacha sin den sárú a chinneadh dá rogha féin.

84. Mar sin féin, mar aon leis an gCoimisiún, tugaim de thuairim go moltar réiteach aonfhoirmeach agus comhleanúnach³³ do na Ballstáit uile le léamh díreach ar an gcóras pionóis arna bhunú le RGCS, ar córas é atá beartaithe, gan amhras, a bheith infheidhme go díreach, agus ní mar go gcinneann gach ceann acu féin ar cheart sáruithe nach sáruithe d’aon ghnó nó le faillí iad a leathnú chuig sáruithe nach ndéantar d’aon ghnó ná le faillí, nó nár cheart.

³¹ Féach, mar sin féin, pointí 82 agus 83 den Tuairim seo.

³² Mar shampla, tagraíonn pointe a) do chuspóir na hoibríochta próiseála. Pointe (c), is maidir le bearta a rinneadh chun damáistí a mhaolú atá sé. Pointe (d), is maidir leis an leibhéal freagrachta ag brath ar na bearta a chuirtear chun feidhme atá sé. Pointe (f), is maidir le méid an chomhair leis an údarás maoirseachta atá sé.

³³ Tagraítear in Aithris 150 den RGCS *d’fhíneálacha riaracháin a bheith á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach* ag na Ballstáit. Ceadáítear do na húdaráis sin, os a choinne sin, a chinneadh “ar cheart fíneálacha riaracháin a ghearradh ar údarais phoiblí agus a mhéid ba cheart iad a ghearradh”. Tá an méid sin gan dochar do na réamhfhaisnéisí sonracha don Danmhairg agus don Eastóin dá dtagraítear in aithris 151 agus do na hipitéisí a leagtar amach in aithris 152.

85. Is é mo thuairim go bhfuil ábharthacht an réitigh aonadaigh (agus inphraiticiúlacht an réitigh cheilte) bunaithe ar aithrisí RGCS a luaigh an chúirt a rinne an tarchur ina hiarraidh ar réamhrialú, lena n-athdhearbhaítear an gá atá le pionós a ghearradh ar sháruithe le pionóis chomhleanúnacha.³⁴ Ní tharlódh comhleanúnachas dá gceadófaí do gach Ballstát sáruithe de chineál éagsúil a aicmiú, agus na sáruithe sin nach bhfuil iontu ach sáruithe oibiachtúla a chur san áireamh gan aon ghné a bheith bainteach leo a bhaineann lena bheith “d’aon ghnó” nó le faillí.

V. Conclúid

86. I bhfianaise a bhfuil thuas, molaim go dtabharfadh an Chúirt freagra mar seo a leanas ar Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin):

Maidir le hAirteagal 58(2)(i) de Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), maidir le hAirteagail 4(7) agus 83 den rialachán sin,

ní mór é léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl forchur fíneála riaracháin ar dhuine dlítheanach atá freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil ag brath ar réamhchinneadh go ndearnadh sárú arna dhéanamh ag duine nádúrtha aonair amháin nó níos mó atá i mbun seirbhíse don duine dlítheanach sin.

Éilítear iompar de chineál a dhéantar d’aon ghnó nó le faillí i ndéanamh an tsáraithe leis na fíneálacha riaracháin a fhéadfar a fhorchur faoi Rialachán 2016/679.”

³⁴ Tagraítear in Aithris 10 den RGCS do “c[h]ur i bhfeidhm na rialacha lena gcosnaítear cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha maidir le próiseáil *chomhsheasmhach aonchineálach* sonraí pearsanta” (gan cló Iodálach sa bhuntéacs). Luaitear in Aithris 11 go ngearrfar *pionóis choibhéiseacha* ar sháruithe, léiriú litriúil a dhéantar arís in aithris agus 13.